RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/674 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Aibreán 2022

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, mar a leathnaítear chun allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh na Téaváine, na hIndinéise, Shrí Lanca agus na nOileán Filipíneach iad, bídís dearbhaithe gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bídís, a chumhdach, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún ([2]) d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, mar a leathnaítear chun allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach a choinsínítear ón Téaváin, ón Indinéis, ó Shrí Lanca agus ó na hOileáin Fhilipíneacha, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, a chumhdach.

(2) Trí Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 763/2000 ([3]), díolmhaíodh trí tháirgeoir de chuid na Téaváine, Chup Hsin Enterprise Co. Ltd, Niang Hong Pipe Fittings Co. Ltd, agus Rigid Industries Co. Ltd. ó leathnú na dleachta, mar fuarthas amach nach ndeachaigh na cuideachtaí sin timpeall ar na bearta.

(3) Mar sin féin, an díolúine ó leathnú na dleachta chun go gcumhdófaí allmhairí d'fheistithe a thairg Chup Hsin Enterprise Co. Ltd, Kaohsiung (an Téaváin) (cód breise TARIC A098) agus Niang Hong Pipe Fittings Co. Ltd, Kaohsiung (an Téaváin) (cód breise TARIC A100), rinneadh í a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 803/2009 ón gComhairle ([4]).

(4) Maítear go hearráideach in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 go bhfuil allmhairí d'fheistithe a thairg Chup Hsin Enterprise Co. Ltd, Kaohsiung (an Téaváin) (cód breise TARIC A098) agus Niang Hong Pipe Fittings Co. Ltd, Kaohsiung (an Téaváin) (cód breise TARIC A100) fós díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála.

(5) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Cur Chun Feidhme 2022/95 a cheartú chun an earráid a luaitear in aithris (4) a cheartú. Ba cheart éifeacht a bheith leis an gceartú sin ó theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Cur Chun Feidhme 2022/95, is é sin 26 Eanáir 2022.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, mar a leathnaítear chun allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh na Téaváine, na hIndinéise, Shrí Lanca agus na nOileán Filipíneach iad, bídís dearbhaithe gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bídís, a chumhdach, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 763/2000 ón gComhairle an 10 Aibreán 2000 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach, dleacht a forchuireadh le Rialachán (CE) Uimh. 584/96 ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad chun allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, a choinsínítear ón Téaváin, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téaváine nó ná bíodh, a chumhdach agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú i leith allmhairí ó thrí onnmhaireoir de chuid na Téaváine (IO L 94, 14.4.2000, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 803/2009 ón gComhairle an 27 Lúnasa 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne iad, agus na cinn sin a choinsínítear ón Téaváin, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téaváine iad nó ná bíodh, agus lena n-aisghairtear an díolúine a deonaíodh do Chup Hsin Enterprise Co. Ltd. agus Nian Hong Pipe Fittings Co. Ltd. (IO L 233, 4.9.2009, lch. 36)

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95:

"1. An dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le hAirteagal 1 ar allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, leathnaítear í leis seo chun allmhairí de na feistithe céanna a chumhdach (nithe a aicmítear faoi láthair faoi chóid TARIC: 7307 93 11 91; 7307 93 19 91; 7307 99 80 92) a choinsínítear ón Téaváin (cód breise TARIC A999), bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téaváine iad nó ná bíodh, cé is moite de na cinn sin a tháirg Rigid Industries Co. Ltd, Kaohsiung (an Téaváin) (cód breise TARIC A099).".

Airteagal 2

Ceartóidh údaráis chustaim na mBallstát na dearbhuithe custaim ar glacadh leo ón 26 Eanáir 2022 a raibh tionchar ag Airteagal 1 den Rialachán sin orthu agus baileoidh siad go cúlghabhálach na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí na bhfeistithe a tháirg Chup Hsin Enterprise Co. Ltd, Kaohsiung (an Téaváin) (cód breise TARIC A098) agus Niang Hong Pipe Fittings Co. Ltd, Kaohsiung (an Téaváin) (cód breise TARIC A100).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm le héifeacht chúlghabhálach ón 26 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN